



4.0 Seachtar Sínitheoirí an Fhorógra

4.5 Éamonn Ceannt

Éamonn Ceannt, ball de Rialtas Sealadach Phoblacht na hÉireann agus ceannfort ar an 4ú Chathlán d'Óglaigh na hÉireann.

Rugadh Éamonn Ceannt (1881-1916) mar Edward Thomas Kent i mbeairic na bpóilíní ag Béal Átha Mó, Co. na Gaillimhe, mac le James Kent, oifigeach i gConstáblacht Ríoga na hÉireann, agus a bhean, Joanne Galway. Aistríodh James Kent chuig Baile Átha Fhirdhia, Co. Lú, áit ar fhreastal Éamonn ar scoil náisiúnta De La Salle, bhí sé ina fhreastalaí Aifrinn agus bhí sé ina Chaitliceach cráifeach ar feadh a shaoil. Ansin, bhog an teaghlach chuig Droichead Átha, áit ar fhreastal sé ar scoil na mBráithre Críostaí ag Geata Rí an Domhnaigh. Ar deireadh, nuair a d'imigh a athair ar scor i 1892, shocraigh an teaghlach i mBaile Átha Cliath, áit ar fhreastal Éamonn ar Scoileanna Uí Chonaill ar Shráid Richmond Thuaidh a bhí á rith ag na Bráithre Críostaí, agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. D'éirigh leis post a fháil le Bardas Bhaile Átha Cliath i rannóg na rátaí agus níos déanaí in oifig cistíochta na cathrach.

Bhí an-suim ag Éamonn i ngníomhaíochtaí cultúir na hÉireann, go háirithe an ceol. I 1899, ghlac sé ballraíocht i gConradh na Gaeilge, áit ar chas sé le Pádraig Mac Piarais agus Eoin Mac Néill. Shealbhaigh sé an Ghaeilge agus ghlac sé leis an leagan Gaeilge dá ainm agus sin a tugadh air as sin amach. Mhúin sé Gaeilge go páirtaimseartha ag brainsí éagsúla de chuid Chonradh na Gaeilge, agus bhain sé cáil amach mar mhúinteoir inspioráideach. Sheinn sé roinnt uirlisí ceoil, agus b'iad an chruit Ghaelach agus na píobaí uillinn ab

4.5 Éamonn Ceannt

ansa leis. I bhFeabhra 1900, bhunaigh sé féin agus Edward Martyn Cumann Píobairí Bhaile Átha Cliath, ar a raibh sé ina rúnaí. D'éirigh leis clóphreas a fháil chun an t-iris, An Píobaire a phriontáil, a dearadh chun an club a chur chun cinn. Chonacthas an chéad eagrán an 5 Iúil 1901. Fad is a bhí grúpa lúthchleasaithe á thabhairt go dtí an Róimh aige i 1908, sheinn sé ar na píobaí uillinn don Phápa Pius X.

Bhí comhbhá sóisialach ag Ceannt agus bhí sé páirteach i gceardchumannú a chomhoibríthe mBardas Bhaile Átha Cliath, áit a raibh sé ina chathaoirleach ar deireadh ar Chumann Oifigeach Bhardasach Bhaile Átha Cliath. Ba é an chéad bhaint mhór a bhí aige i bpolaitíocht náisiúnta áfach, i 1907 nuair a chuaigh sé isteach i bpáirtí polaitiúil nua Arthur Griffith, Sinn Féin, a bhí i gcoinne an Rialtais Dhúchais, a chur chun cinn coincheap an fhéintuilleamaíocht náisiúnta, agus a bhí dírithe ar neamhspleáchas náisiúnta; ar deireadh toghadh ar chomhairle náisiúnta Shinn Féin é. Is cosúil gur chuir Seán Mac Diarmada faoi mhóid é i mBráithreachas Phoblacht na hÉireann an 12 Nollaig 1912. Nuair a bunaíodh Óglaigh na hÉireann i Samhain 1913, toghadh é ar an gcoiste sealadach, agus bhí sé páirteach in airgead a bhailiú chun airm a fháil; bhí sé i láthair nuair a tugadh isteach iad chuig Binn Éadair agus Cill Chomhghaill.

Tar éis d'Óglaigh na hÉireann tarraingt amach faoi Redmond, toghadh Ceannt, an Píarsach agus Ó Pluingcéad chuig poist thábhachtacha in Óglaigh na hÉireann, rud a thug smacht dóibh. Anuas air sin, ceapadh Ceannt ina cheannfort ar an 4ú Chathlán de Bhriogáid Bhaile Átha Cliath i Márta 1915. Go gairid ina dhiaidh sin, comhthoghadh ar Chomhairle Mhíleata an IRB é. Reáchtáladh go leor de chruinnithe de chuid na Comhairle Míleata ina theach sa Charnán.

Ar Luain Cásca 1916, ghabh Ceannt agus 120 fear a tháinig ar dualgas i 4ú Chathlán d'Óglaigh na hÉireann, Aontas Bhaile Átha Cliath Theas, teach oibre/ospidéal scaipthe thar dhá acra is caoga ar Shráid San Séamas agus roinnt foirgneamh clúdaithe. Choinnigh siad cuid den ionad go dtí gur dúradh leo faoin ngéilleadh ginearálta an Domhnach ina dhiaidh sin.

4.5 | Éamonn Ceannt


Cuireadh Ceannt ar thriail agus cuireadh chun báis é le scud lámhaigh i bPríosún Chill Mhaighneann ar an 8 Bealtaine. I measc a ghaolta a bhí fágtha ina dhiaidh bhí a bhean Áine O'Brennan, a mhac óg Rónán, a dheartháir William, maorsháirsint bhratach i bhFiúsailéirí Ríoga Bhaile Átha Cliath (arm na Breataine) a bhí lonnaithe i Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí.

4.5 Éamonn Ceannt



Éamonn Ceannt. He has been described as over six feet tall and as a dark, proud and aloof man. (Keogh 237).

4.5 Éamonn Ceannt




Published results of the O'Connell Schools (Christian Brothers), North Richmond Street, Dublin, 1894, 1896. (Ms. 13,069/44).

4.5 Éamonn Ceannt



Published results of the O'Connell Schools (Christian Brothers), North Richmond Street, Dublin, 1894, 1896. (Ms. 13,069/44).

4.5 Éamonn Ceannt



State education certificate, 1897. (Ms. 13,069/45).

4.5 Éamonn Ceannt



A delegate's pass for the Gaelic League annual congress, 1905 (Ms. 13,069/26).

4.5 Éamonn Ceannt




Self-portrait by Ceannt, 1909. 'Mé Féin' is Irish for 'myself'. (Ms. 13,069/55).

4.5 Éamonn Ceannt



A marching song composed by Ceannt for the Irish Volunteers who feature on the front cover.

4.5 Éamonn Ceannt



Letter from Ceannt to his wife; Kilmainham Jail, 5 May 1916. (Ms. 13,069/8).

4.5 Éamonn Ceannt

(COPY)

Cell 88, Kilmainham Gaol, 7 May 1916.

I leave for the guidance of other Irish Revolutionaries who may tread the path which I have trod this advice, never to treat with the enemy, never to surrender at his mercy, but to fight to a finish. I see nothing gained but grave disaster caused by the surrender which has marked the end of the Irish Insurrection of 1916 - so far at least as Dublin is concerned. The enemy has not cherished one generous thought for those who, with little hope, with poor equipment, and weak in numbers, withstood his forces for one glorious week. Ireland has shown she is a Nation. This generation can claim to have raised sons as brave as any that went before. And in the years to come Ireland will honour those who risked all for her honour at Easter in 1916. I bear no ill will against those whom I have fought. I have found the common soldiers and the higher officers human and companionable, even the English who were actually in the fight against us. Thank God, soldiering for Ireland has opened my heart and made me see poor humanity where I expected to see only scorn and reproach. I have met the men who escaped from me by a ruse under the Red Cross. But I do not regret having with-held my fire. He gave me cakes !!


I wish to record the magnificent gallantry and fearlessness, and determination of the men who fought with me. All, all, were simply splendid. Even I knew no fear nor panic nor shrank from no risk, even as I shrink not now from the death which faces me at daybreak. I hope to see God's face even for a moment in the morning. His Will be done.

All here are very kind. My poor wife saw me yesterday, and bore up -- so my warder told me -- even after she left my presence. Poor Áine, poor Róanán. God is their only shield now that I am removed. And God is a better shield than I. I have just seen Áine, Nell, Richard and Mick and bade them a conditional good-bye. Even now they have hope !!

ÉAMONN CEANNT.

Typescript copy of statement issued by Ceannt from Kilmainham Jail, 7 May 1916. (Ms. 3198).

4.5 Éamonn Ceannt



Ceannt's last letter to his wife; Kilmainham Jail, 8 May 1916. (Ms. 13,069/9).